Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Aibreán 2021**
**(OR. en)**

**8138/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0231(COD)**

| | |
|---|---|
| **CODEC 575** | **AGRILEG 80** |
| **COMPET 278** | **SAN 237** |
| **MI 276** | **DENLEG 24** |
| **IND 96** | **PHYTOSAN 11** |
| **CONSOM 97** | **SEMENCES 18** |
| **JUSTCIV 69** | **STATIS 18** |
| **AGRI 187** | **ECOFIN 380** |
| **AGRIFIN 47** | **CADREFIN 191** |
| **VETER 28** | **PE 27** |

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Clár don mhargadh aonair, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus don staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014, (AE) Uimh. 258/2014, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) 2017/826<br>- An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil, 26 go 29 Aibreán 2021) |

## I. VÓTÁIL

An 27 Aibreán 2021, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh an seasamh ón gComhairle[1] ar an gcéad léamh formheasta gan aon leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

[1] 14281/20 REV1.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan aon leasú, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Ardrúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**
**(27.4.2021)**

## P9_TA(2021)0135

## Clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha (Clár an Margaidh Aonair) 2021-2027***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Aibreán 2021 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus do staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair), agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014 agus (AE) Uimh. 652/2014 (14281/1/2020 – C9-0133/2021 – 2018/0231(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (14281/1/2020 – C9-0133/2021),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2018[2],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 5 Nollaig 2018[3],

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[4] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0441),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0142/2021),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

---

[2] IO C 62, 15.2.2019, lch. 40.
[3] IO C 86, 7.3.2019, lch. 259.
[4] Téacsanna arna nglacadh an 12.2.2019, P8_TA(2019)0073

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hArdrúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArdrúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.